Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**10680/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0055(COD)**

**CODEC 1439**
**TRANS 276**
**JAI 941**
**CATS 50**
**COPEN 298**
**PE 170**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Treoir ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le héifeacht uile-Aontais a bheith ag dícháiliúcháin tiomána<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 5 go dtí an 8 Feabhra 2024) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Petar VITANOV (S&D, BG), tuarascáil ar an togra thuasluaite le haghaidh Treorach thar ceann an Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) ina raibh 50 leasú (leasuithe 1 go 50) ar an togra.

Ina theannta sin, chuir grúpa PPE dhá leasú síos (leasuithe 51-52) agus chuir grúpa ID cúig leasú síos (leasuithe 53 go 57).

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil sí an 6 Feabhra 2024, ghlac suí iomlánach Pharlaimint na hEorpa leasuithe 1 go 7 agus leasuithe 9 go 51 ar an togra le haghaidh Treorach. Níor glacadh aon leasuithe eile.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é.

## P9_TA(2024)0057

# Forghníomhú maidir le dícháiliúcháin tiomána áirithe ag a bhfuil éifeacht uile-Aontais

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Feabhra 2024 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeacht uile-Aontais a bheith ag dícháiliúcháin tiomána áirithe (COM(2023)0128 – C9-0036/2023 – 2023/0055(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

Tá *Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0128),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 91, (pointe (c), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0036/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Meitheamh 2023,[1]

– tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0410/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] IO C 293, 18.08.2023, lch. 133.

**Leasú 1**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Mar sin féin, níor cheart é a bheith de cheangal rialacha náisiúnta a bhaineann le sainmhíniú cionta tráchta bóthair, lena gcineál dlíthiúil agus leis na smachtbhannaí is infheidhme maidir leis na cionta sin a chomhchuibhiú mar gheall ar chur chun feidhme na Treorach seo. Go háirithe, ba cheart éifeacht uile-Aontais dícháiliúchán tiomána a shaothrú gan beann ar cháiliú na mbeart náisiúnta i mBallstát an chiona mar bhearta riaracháin nó bearta coiriúla. | (6) Mar sin féin, ***ba cheart prionsabal na coimhdeachta a urramú agus*** níor cheart é a bheith de cheangal rialacha náisiúnta a bhaineann le sainmhíniú cionta tráchta bóthair, lena gcineál dlíthiúil agus leis na smachtbhannaí is infheidhme maidir leis na cionta sin a chomhchuibhiú mar gheall ar chur chun feidhme na Treorach seo. Go háirithe, ba cheart éifeacht uile-Aontais dícháiliúchán tiomána a shaothrú gan beann ar cháiliú na mbeart náisiúnta i mBallstát an chiona mar bhearta riaracháin nó bearta coiriúla. ***Agus dícháiliú tiomána uile-Aontais á chur i bhfeidhm, laistigh de theorainneacha dlíthiúla na rialacha náisiúnta atá ann cheana ina leith sin, ba cheart é a bheith mar aidhm ag na Ballstáit a gcinntí a ailíniú, a mhéid is féidir.*** |

**Leasú 2**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Ós rud é go bhfuil tiomáint faoi thionchar an óil (is é sin a bheith ag tiomáint le leibhéal alcóil san fhuil a sháraíonn an luach uasta a cheadaítear leis an dlí), tiomáint ar róluas (is é sin a bheith ag sárú na luasteorainneacha atá i bhfeidhm maidir leis an mbóthar nó leis an gcineál feithicle lena mbaineann) agus tiomáint faoi thionchar drugaí ar na príomhchúiseanna le himbhuailtí tráchta agus le básanna ar bhóithre laistigh den Aontas, ba cheart an dícheall is airde is féidir a thabhairt do chásanna a bhaineann leis na cionta sin, agus ba cheart a mheas, dá bhrí sin, gur 'mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre' iad chun críocha na Treorach seo. Thairis sin, mar gheall ar a thromchúisí atá cionta | (10) Ós rud é go bhfuil tiomáint faoi thionchar an óil (is é sin a bheith ag tiomáint le leibhéal alcóil san fhuil a sháraíonn an luach uasta a cheadaítear leis an dlí), tiomáint ar róluas (is é sin a bheith ag sárú na luasteorainneacha atá i bhfeidhm maidir leis an mbóthar nó leis an gcineál feithicle lena mbaineann) agus tiomáint faoi thionchar drugaí ***agus substaintí sícighníomhacha*** ar na príomhchúiseanna le himbhuailtí tráchta agus le básanna ar bhóithre laistigh den Aontas, ba cheart an dícheall is airde is féidir a thabhairt do chásanna a bhaineann leis na cionta sin, agus ba cheart a mheas, dá bhrí sin, gur 'mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre' iad chun críocha na Treorach seo. Thairis sin, |

| | |
|---|---|
| tráchta ar bhóithre a mbíonn bás nó gortú tromchúiseach coirp an íospartaigh mar thoradh orthu, ba cheart iad sin a mheas freisin mar mhórchionta. | mar gheall ar a thromchúisí atá cionta tráchta ar bhóithre a mbíonn bás nó gortú tromchúiseach coirp an íospartaigh mar thoradh orthu***, nó tiomáint gan ceadúnas tiomána bailí,*** ba cheart iad sin a mheas freisin mar mhórchionta. |

**Leasú 3**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) An Ballstát a d'fhorchuir an dícháiliúchán tiomána ('Ballstát an chiona'), ba cheart dó fógra a thabhairt don Bhallstát a d'eisigh ceadúnas tiomána an duine lena mbaineann ('an Ballstát eisiúna') faoi aon dícháiliúchán tiomána arna fhorchur ar an duine sin ar feadh tréimhse míosa amháin nó níos mó, chun na nósanna imeachta is gá a thionscnamh chun éifeacht uile-Aontais an dícháiliúcháin tiomána a áirithiú. Ba cheart an fógra sin a tharchur trí bhíthin deimhniú caighdeánach, chun malartú faisnéise rianúil, iontaofa agus éifeachtach a áirithiú idir na Ballstáit. | (12) An Ballstát a d'fhorchuir an dícháiliúchán tiomána ('Ballstát an chiona'), ba cheart dó fógra a thabhairt don Bhallstát a d'eisigh ceadúnas tiomána an duine lena mbaineann ('an Ballstát eisiúna') faoi aon dícháiliúchán tiomána arna fhorchur ar an duine sin ar feadh tréimhse míosa amháin nó níos mó, chun na nósanna imeachta is gá a thionscnamh chun éifeacht uile-Aontais an dícháiliúcháin tiomána a áirithiú. Ba cheart an fógra sin a tharchur trí bhíthin deimhniú caighdeánach ***tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis an chinnidh lenar forchuireadh an dícháiliú tiomána***, chun malartú faisnéise rianúil, iontaofa agus éifeachtach a áirithiú idir na Ballstáit. ***Ba cheart tarchur an deimhnithe agus malartú na faisnéise eile is gá idir pointí teagmhála náisiúnta na mBallstát i ndáil le cur i bhfeidhm na Treorach seo a dhéanamh trí líonra an Aontais Eorpaigh um cheadúnais tiomána ('RESPER').*** |

**Leasú 4**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart tacar íosta sonraí a bheith sa deimhniú caighdeánach lenar féidir an Treoir seo a chur chun feidhme go cuí, go háirithe údarás Bhallstát an chiona a bhfuil an dícháiliúchán tiomána á fhorchur aige, an mórchion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a rinneadh, an | (13) Ba cheart tacar íosta sonraí a bheith sa deimhniú caighdeánach lenar féidir an Treoir seo a chur chun feidhme go cuí, go háirithe údarás Bhallstát an chiona a bhfuil an dícháiliúchán tiomána á fhorchur aige, ***tuairisc ar*** an mórchion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| dícháiliúchán tiomána a tháinig as sin, an duine lena mbaineann, agus na nósanna imeachta a leanadh chun an dícháiliúchán a fhorchur. Ba cheart an deimhniú sin a aistriú freisin go teanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit eisiúna nó go teanga ar bith eile ar ghlac an Ballstát eisiúna léi, chun a áirithiú go ndéanfaidh an seolaí próiseáil ghasta. Trí fhoráil a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sin amháin, leis an deimhniú caighdeánach is féidir éifeachtacht a ráthú gan oibleagáid a chur ar na Ballstáit méideanna faisnéise a roinnt atá díréireach nó iomarcach. | rinneadh, an dícháiliúchán tiomána a tháinig as sin, ***sonraí lena sainaithnítear*** an duine lena mbaineann, agus na nósanna imeachta a leanadh chun an dícháiliúchán a fhorchur. Ba cheart an deimhniú sin a aistriú freisin go teanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit eisiúna nó go teanga ar bith eile ar ghlac an Ballstát eisiúna léi, chun a áirithiú go ndéanfaidh an seolaí próiseáil ghasta. Trí fhoráil a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sin amháin, leis an deimhniú caighdeánach is féidir éifeachtacht a ráthú gan oibleagáid a chur ar na Ballstáit méideanna faisnéise a roinnt atá díréireach nó iomarcach. |

**Leasú 5**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Maidir le cur chun feidhme cuí na Treorach seo, glactar leis go mbeidh dlúthchumarsáid ghasta éifeachtach idir na húdaráis náisiúnta inniúla lena mbaineann. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát dul i gcomhairle le chéile nuair is gá***, trí mhodhanna iomchuí***. Thairis sin, i gcásanna sonracha dea-shainithe, ba cheart don Bhallstát eisiúna agus do Bhallstát an chiona araon faisnéis thábhachtach a thabhairt dá chéile maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo ***gan mhoill. Ba cheart é a bheith amhlaidh i gcás*** bearta a ghlacadh lena dtabharfaí éifeacht uile-Aontais do dhícháiliúcháin tiomána***, cinntí*** a rinneadh ar fhorais le haghaidh díolúine, cur i gcrích na ndícháiliúchán tiomána agus maidir le haon dálaí lena ndéantar difear do na dícháiliúcháin tiomána a forchuireadh ar dtús. | (20) Maidir le cur chun feidhme cuí na Treorach seo, glactar leis go mbeidh dlúthchumarsáid ghasta éifeachtach idir na húdaráis náisiúnta inniúla lena mbaineann. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát dul i gcomhairle le chéile nuair is gá. Thairis sin, i gcásanna sonracha dea-shainithe, ba cheart don Bhallstát eisiúna agus do Bhallstát an chiona araon faisnéis thábhachtach a thabhairt dá chéile maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo ***tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis cinneadh maidir le*** bearta a ghlacadh lena dtabharfaí éifeacht uile-Aontais do dhícháiliúcháin tiomána ***nó cinneadh*** arna dhéanamh ar fhorais le haghaidh díolúine, cur i gcrích na ndícháiliúchán tiomána agus maidir le haon dálaí lena ndéantar difear do na dícháiliúcháin tiomána arna bhforchur ar dtús. |

**Leasú 6**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (21) Tar éis don Bhallstát eisiúna fógra a fháil faoi dhícháiliúchán tiomána agus éifeachtaí uile-Aontais a thabhairt dó, ba cheart don Bhallstát sin an duine lena mbaineann a chur ar an eolas ***gan mhoill***, ionas go mbeidh sé nó sí in ann cearta bunúsacha a fheidhmiú amhail an ceart éisteachta agus agóid a dhéanamh in aghaidh na gcinntí os comhair na gcúirteanna agus na mbinsí inniúla náisiúnta. | (21) Tar éis don Bhallstát eisiúna fógra a fháil faoi dhícháiliúchán tiomána agus éifeachtaí uile-Aontais a thabhairt dó, ba cheart don Bhallstát sin an duine lena mbaineann a chur ar an eolas ***tráth nach déanaí ná 7 lá oibre tar éis an fógra sin a fháil***, ionas go mbeidh an duine sin in ann cearta bunúsacha a fheidhmiú amhail an ceart éisteachta agus an ceart chun agóid a dhéanamh in aghaidh na gcinntí os comhair na gcúirteanna agus na mbinsí inniúla náisiúnta. |

**Leasú 7**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Chun malartú faisnéise rianúil, iontaofa agus éifeachtach a áirithiú, ba cheart do gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta a ainmniú chun críocha na Treorach seo. Ina theannta sin, ba cheart dóibh a áirithiú go n-oibríonn a bpointí teagmhála náisiúnta féin i gcomhar leis na húdaráis ábhartha a bhfuil baint acu le forfheidhmiú na ndícháiliúchán tiomána a chumhdaítear leis an Treoir seo, go háirithe chun a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis uile is gá a chomhroinnt in am trátha. | (25) Chun malartú faisnéise rianúil, iontaofa agus éifeachtach a áirithiú ***trí RESPER***, ba cheart do gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta a ainmniú chun críocha na Treorach seo. Ina theannta sin, ba cheart dóibh a áirithiú go n-oibríonn a bpointí teagmhála náisiúnta féin i gcomhar leis na húdaráis ábhartha a bhfuil baint acu le forfheidhmiú na ndícháiliúchán tiomána a chumhdaítear leis an Treoir seo, go háirithe chun a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis uile is gá a chomhroinnt in am trátha. |

**Leasú 51**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 26 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26 a) Agus an t-athbhreithniú ar an Treoir seo á ullmhú, ba cheart don Choimisiún a chur san áireamh a mhéid is féidir go mbíonn ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar dhúshláin gheografacha agus shochaíocha éagsúla*** |

***agus iad ag iarraidh sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Go deimhin, cé go bhfuil sé mar aidhm ag roinnt Ballstát rialacha maidir le trácht ar bhóithre a fhorfheidhmiú trí na córais pointí díchumais, mar a thugtar orthu, tá modhanna éagsúla á roghnú ag Ballstáit eile, amhail smachtbhannaí níos déine a fhorchur láithreach nó iarracht níos mó a dhíriú ar fheachtais spriocdhírithe forfheidhmithe agus choisc. Thairis sin, ba cheart a chur san áireamh freisin gur féidir le córais pointí díchumais iad féin a bheith an-difriúil idir na Ballstáit a roghnaíonn iad a chur i bhfeidhm. Mar sin, ba cheart acmhainní agus aird a dhíriú ar bhearta eile, ar féidir leo sábháilteacht ar bhóithre a mhéadú, agus ag an am céanna ligean do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla atá rompu ar bhealaí a chreideann siad a bheith ar na bealaí is éifeachtúla.***

**Leasú 9**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ciallaíonn 'cur ar fionraí' an teorainn shealadach a chur le bailíocht an cheadúnais tiomána nó ar bhailíocht an chirt tiomána nó a n-aitheantais, ar feadh ***tréimhse*** shocraithe ***ama***, nó ar theaglaim de ***thréimhse*** shocraithe ***ama*** agus comhlíonadh coinníollacha breise araon; | (3) ciallaíonn 'cur ar fionraí' an teorainn shealadach a chur le bailíocht an cheadúnais tiomána nó ar bhailíocht an chirt tiomána nó a n-aitheantais, ar feadh ***tréimhse*** shocraithe, nó ar theaglaim de ***thréimhse*** shocraithe agus comhlíonadh coinníollacha breise araon; |

**Leasú 10**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) ciallaíonn 'Ballstát an chiona' an Ballstát inar tugadh an dícháiliúchán tiomána; | (6) ciallaíonn 'Ballstát an chiona' an Ballstát atá ***laistigh den chríoch ina ndearnadh an cion tráchta bóthair ónar eascair dícháiliúchán tiomána agus*** inar tugadh ***an*** dícháiliúchán tiomána ***sin***; |

**Leasú 11**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) ciallaíonn 'an duine ***lena mbaineann***' an duine nádúrtha a n-eisítear dícháiliúchán tiomána ina aghaidh; | (10) ciallaíonn 'an duine ***faoi dhliteanas***' an duine nádúrtha a n-eisítear dícháiliúchán tiomána ina aghaidh; |

**Leasú 12**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11 – fophointe da (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | (da) ***tiomáint gan ceadúnas tiomána bailí mar atá leagtha amach i dTreoir 2006/126/CE;*** |

**Leasú 13**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Dícháiliúchán tiomána a d'eisigh Ballstát i ndáil le duine nach ***bhfuil gnáthchónaí air*** sa Bhallstát sin agus ag a bhfuil ceadúnas tiomána arna eisiúint ag Ballstát eile, déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go mbeidh éifeacht ag an dícháiliúchán sin ar fud chríoch iomlán an Aontais i gcomhréir leis an Treoir seo. | Dícháiliúchán tiomána a d'eisigh Ballstát i ndáil le duine a bhfuil ***nó nach bhfuil gnáthchónaí*** air sa Bhallstát sin ***nó i mBallstát eile*** agus ag a bhfuil ceadúnas tiomána arna eisiúint ag Ballstát eile ***nó nach bhfuil ceadúnas tiomána aige***, déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go mbeidh éifeacht ag an dícháiliúchán sin ar fud chríoch iomlán an Aontais i gcomhréir leis an Treoir seo. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tabharfaidh Ballstát an chiona fógra don Bhallstát eisiúna ***faoi aon*** dícháiliúchán tiomána ***a fhorchuirtear*** ar feadh tréimhse míosa amháin nó níos mó ar dhuine nach bhfuil gnáthchónaí air i mBallstát an chiona agus ag a bhfuil ceadúnas tiomána a d'eisigh an Ballstát eisiúna. | 1. Tabharfaidh Ballstát an chiona fógra don Bhallstát eisiúna ***tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis aon chinneadh lena bhforchuirtear*** dícháiliúchán tiomána ar feadh tréimhse míosa amháin nó níos mó ar dhuine nach bhfuil gnáthchónaí air i mBallstát an chiona agus ag a bhfuil ceadúnas tiomána a d'eisigh an Ballstát eisiúna. ***Tabharfaidh Ballstát an chiona fógra don duine lena mbaineann freisin mura bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Bhallstát eisiúna.*** |

**Leasú 15**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona an deimhniú a líonadh isteach, a shíniú agus a tharchur go díreach chuig pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna, a chuirfidh ar aghaidh é chuig an údarás atá inniúil chun éifeacht uile-Aontais an dícháiliúcháin tiomána a áirithiú. Ceadúnas tiomána an duine lena mbaineann, ***nuair a*** urghabhtar é, agus an cinneadh bunaidh lena bhforchuirtear an dícháiliúchán tiomána nó cóip dheimhnithe de, déanfaidh pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona iad a chur ar aghaidh freisin chuig pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna. Ní bheidh aon oibleagáid ar Bhallstát an chiona an cinneadh bunaidh nó an chóip dheimhnithe de a aistriú. | 3. Déanfaidh pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona an deimhniú a líonadh isteach, a shíniú agus a tharchur go díreach chuig pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna, a chuirfidh ar aghaidh é chuig an údarás atá inniúil chun éifeacht uile-Aontais an dícháiliúcháin tiomána a áirithiú. Ceadúnas tiomána an duine lena mbaineann, ***sa chás go*** n-urghabhtar é, agus an cinneadh bunaidh lena bhforchuirtear an dícháiliúchán tiomána nó cóip dheimhnithe de, déanfaidh pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona iad a chur ar aghaidh freisin chuig pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna. Ní bheidh aon oibleagáid ar Bhallstát an chiona an cinneadh bunaidh nó an chóip dheimhnithe de a aistriú. |

**Leasú 16**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an tuairisc ar an mórchion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre ***agus*** | (b) an tuairisc ar an mórchion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre***, ar*** |

| | |
|---|---|
| ***na fíricí*** is cúis leis an dícháiliúchán tiomána a fhorchur; | ***na fíricí agus ar na cúiseanna atá le*** forchur an dícháiliúcháin tiomána; |

**Leasú 17**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ainm agus seoladh an duine lena mbaineann***,*** agus uimhir ***an*** cheadúnais tiomána***, agus*** uimhir dhoiciméid céannachta náisiúnta ***an duine lena mbaineann, más gá, i gcás ina bhfuil sí ar fáil***; | (c) ainm agus seoladh an duine lena mbaineann agus uimhir ***a ch***eadúnais tiomána ***nó a ceadúnais*** tiomána ***agus*** a dhoiciméid nó a doiciméid aitheantais náisiúnta, agus ní mór ***faisnéis phearsanta eile atá nasctha le doiciméad aitheantais náisiúnta an duine a choinneáil faoi rún;*** |

**Leasú 18**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 2 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) an ceart achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh os comhair na mbreithiúna i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta Bhallstát an chiona.*** |

**Leasú 19**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Úsáidfidh pointí teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona agus an Bhallstáit eisiúna RESPER freisin chun an fhaisnéis atá le soláthar i gcomhréir le hAirteagail 8, 9, 10, 11, 12, 14 agus 15 a mhalartú. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh na hacmhainní is gá ag RESPER chun an cúram sin a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 20**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina bhfuil tarraingt siar ***i gceist*** | 2. I gcás ina bhfuil tarraingt siar ***mar*** |

***leis*** an dícháiliúchán tiomána, ***comhlíonfar*** na ***coinníollacha*** seo a leanas leis na bearta a dhéanann an Ballstát eisiúna: | ***thoradh ar*** an dícháiliúchán tiomána, ***is iad*** na bearta seo a leanas a dhéanfaidh an Ballstát eisiúna:

**Leasú 21**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) féadfaidh an duine lena mbaineann an ceadúnas tiomána nó an ceart tiomána a aisghabháil i gcomhréir le rialacha náisiúnta an Bhallstáit eisiúna;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 22**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) i gcás nach ionann an 'tír ghnáthchónaithe', mar a shainmhínítear í in Airteagal 12 de Threoir 2006/126/CE, agus an tír eisiúna, éascófar malartú cheadúnas tiomána an tiománaí.*** |

**Leasú 23**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***féadfaidh an duine lena mbaineann an ceadúnas tiomána nó an ceart tiomána a aisghabháil i gcomhréir le rialacha náisiúnta an Bhallstáit eisiúna.*** |

**Leasú 24**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina bhfuil fionraí nó srianadh ***i gceist leis*** an dícháiliúchán tiomána, ***comhlíonfar*** na ***coinníollacha*** seo a leanas leis na bearta a dhéanann an Ballstát eisiúna: | 3. I gcás ina bhfuil fionraí nó srianadh ***mar thoradh ar*** an dícháiliúchán tiomána, ***is iad*** na bearta seo a leanas a dhéanfaidh an Ballstát eisiúna: |

**Leasú 25**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an fhionraí nó an srianadh a d'fhorchuir Ballstát an chiona agus ar thug sé fógra ina leith, i gcás ina mbeidh siad faoi réir ***méid*** socraithe ***ama*** a bheith caite agus coinníollacha breise a chomhlíonadh, ní chuirfidh an Ballstát eisiúna san áireamh ach an tréimhse shocraithe ***ama***; | (b) an fhionraí nó an srianadh a d'fhorchuir Ballstát an chiona agus ar thug sé fógra ina leith, i gcás ina mbeidh siad faoi réir ***tréimhse*** shocraithe a bheith caite agus coinníollacha breise a chomhlíonadh, ní chuirfidh an Ballstát eisiúna san áireamh ach an tréimhse shocraithe; |

**Leasú 26**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Beidh sé mar aidhm ag an mBallstát eisiúna a áirithiú, laistigh de na teorainneacha dlíthiúla atá ann cheana maidir le rialacha náisiúnta, go ndéanfar na bearta arna ndéanamh de bhun mhír 2 agus mhír 3 maidir le dícháiliúcháin tiomána a ailíniú a mhéid is féidir leis na bearta comhfhreagracha arna bhforchur ag Ballstát an chiona.*** |

**Leasú 27**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Mar sin féin, coinníollacha breise a ghabhann le dícháiliúchán tiomána a dtugtar fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 4(1), measfar iad a bheith comhlíonta ag Ballstát an chiona i gcás inar mheas an Ballstát eisiúna ***go gcomhlíonann*** an duine lena mbaineann na coinníollacha is infheidhme sa Bhallstát eisiúna maidir leis an gceart tiomána nó an ceadúnas tiomána a aisghabháil nó ina bhfuil sé nó sí in ann iarratas a dhéanamh ar cheann nua. | 3. Mar sin féin, coinníollacha breise a ghabhann le dícháiliúchán tiomána a dtugtar fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 4(1), measfar iad a bheith comhlíonta ag Ballstát an chiona i gcás inar mheas an Ballstát eisiúna ***gur chomhlíon*** an duine lena mbaineann na coinníollacha is infheidhme sa Bhallstát eisiúna maidir leis an gceart tiomána nó an ceadúnas tiomána a aisghabháil nó ina bhfuil sé nó sí in ann iarratas a dhéanamh ar cheann nua. ***Sa chás sin, beidh Ballstát an chiona faoi cheangal ag measúnú dearfach an Bhallstáit eisiúna agus a éifeachtaí. Dá bhrí sin, ní chuirfidh Ballstát an chiona*** |

***na coinníollacha breise i bhfeidhm a thuilleadh. Féadfaidh Ballstát an chiona leanúint den dícháiliúchán tiomána a chur i bhfeidhm ina chríoch go dtí deireadh a thréimhse, áfach.***

**Leasú 28**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) is ann do phribhléid nó imdhíonacht faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna lena gcuirtear cosc ar an dícháiliúchán tiomána a fhorghníomhú;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 29**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) níor forchuireadh an dícháiliúchán tiomána ach amháin ar fhorais róluais agus sáraíodh na luasteorainneacha a bhí i bhfeidhm i mBallstát an chiona le níos lú ná 50 km/h; | (b) níor forchuireadh an dícháiliúchán tiomána ach amháin ar fhorais róluais agus más rud é gur sáraíodh na luasteorainneacha a bhí i bhfeidhm i mBallstát an chiona***, ar choinníoll go raibh críocha na luasteorann ar an mbóthar ar ar sáraíodh í léirithe go soiléir , le níos lú ná 30 km/h i gcás bóithre i limistéar cónaithe agus, i gcás bóithre i limistéar neamhchónaithe,*** le níos lú ná 50 km/h; |

**Leasú 30**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Nuair atá sé beartaithe ag an mBallstát eisiúna foras le haghaidh díolúine de bhun mhíreanna 1 nó 2 a chur i bhfeidhm maidir le cás sonrach, cuirfidh sé Ballstát an chiona ar an eolas ***gan mhoill*** agus, i gcás inarb infheidhme, iarrfaidh sé aon fhaisnéis is gá chun scrúdú a dhéanamh ar cé acu atá feidhm ag foras le haghaidh díolúine dá dtagraítear inti nó nach bhfuil. Cuirfidh | Nuair atá sé beartaithe ag an mBallstát eisiúna foras le haghaidh díolúine de bhun mhíreanna 1 nó 2 a chur i bhfeidhm maidir le cás sonrach, cuirfidh sé Ballstát an chiona ar an eolas faoin gcion ***tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis cinneadh díolúine a chur i bhfeidhm*** agus, i gcás inarb infheidhme, iarrfaidh sé aon fhaisnéis is gá chun scrúdú a dhéanamh ar cé acu atá |

Ballstát an chiona an fhaisnéis a iarrtar ar fáil ***gan mhoill*** agus féadfaidh sé aon fhaisnéis bhreise nó barúil bhreise a mheasann sé a bheith ábhartha a chur ar fáil.

feidhm ag foras le haghaidh díolúine dá dtagraítear inti nó nach bhfuil. Cuirfidh Ballstát an chiona an fhaisnéis a iarrtar ar fáil ***tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis na hiarrata*** agus féadfaidh sé aon fhaisnéis bhreise nó barúil bhreise a mheasann sé a bheith ábhartha a chur ar fáil.

**Leasú 31**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an Ballstát eisiúna na bearta dá dtagraítear in Airteagal 6(1) nó glacfaidh sé an cinneadh go bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine de bhun Airteagal 8 gan mhoill agus, gan dochar do mhír 3, tráth nach déanaí ná 15 lá tar éis dó an deimhniú a fháil i gcomhréir le hAirteagal 5(1). | 1. Déanfaidh an Ballstát eisiúna na bearta dá dtagraítear in Airteagal 6(1) nó glacfaidh sé an cinneadh go bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine de bhun Airteagal 8 gan mhoill agus, gan dochar do mhír 3, tráth nach déanaí ná 15 lá ***oibre*** tar éis dó an deimhniú a fháil i gcomhréir le hAirteagal 5(1). |

**Leasú 32**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Na bearta arna ndéanamh faoi Airteagal 6(1) nó an cinneadh go bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine de bhun Airteagal 8, cuirfidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna na nithe sin in iúl do phointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona, ***gan mhoill***, trí RESPER. | 2. Cuirfidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna na nithe sin in iúl, trí RESPER, do phointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona ***tráth nach déanaí ná 10 lá oibre i ndiaidh ghlacadh na*** mbeart arna ndéanamh faoi Airteagal 6(1) nó an chinnidh go bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine de bhun Airteagal 8. |

**Leasú 33**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás nach féidir an teorainn ama a leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh, i gcás ar leith, cuirfidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona ar an eolas | I gcás nach féidir an teorainn ama a leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh, i gcás ar leith, cuirfidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona ar an eolas ***trí*** |

| | |
|---|---|
| faoin gcion ***gan mhoill trí mhodh ar bith***, agus tabharfaidh sé na cúiseanna nárbh fhéidir an teorainn ama sin a chomhlíonadh. | ***RESPER*** faoin gcion ***tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis dhul in éag na teorann ama sin***, agus tabharfaidh sé na cúiseanna nárbh fhéidir an teorainn ama sin a chomhlíonadh. |

**Leasú 34**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás inar gá, rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le chéile***, trí mhodhanna iomchuí agus gan mhoill,*** chun cur i bhfeidhm éifeachtach na Treorach seo a áirithiú. | I gcás inar gá, rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le chéile ***ar bhealach tráthúil, chun*** cur i bhfeidhm éifeachtach na Treorach seo a áirithiú. |

**Leasú 35**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 11 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona ar an eolas, ***gan mhoill***, maidir leis na nithe seo a leanas: | Cuirfidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona ar an eolas, gan mhoill tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis an ghlactha: |

**Leasú 36**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna ar an eolas, ***gan mhoill***, maidir leis na nithe seo a leanas: | Cuirfidh pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona pointe teagmhála an Bhallstáit eisiúna ar an eolas***, tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis an ghlactha***: |

**Leasú 37**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) aon imthoisc lena ndéantar difear don chinneadh lena forchuireadh an | (a) aon imthoisc lena ndéantar difear don chinneadh lenar forchuireadh an |

| | |
|---|---|
| dích※áiliúchán tiomána; | dích※áiliúchán tiomána***, lena n-áirítear aon fhaisnéis ábhartha maidir le haon choinníoll breise arna fhorchur maidir le dích※áiliúchán tiomána a bheith á chomhlíonadh cheana i mBallstát an chiona***; |

**Leasú 38**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tar éis an fógra faoi Airteagal 4(1) a fháil agus na bearta faoi Airteagal 6(1) a ghlacadh, faoi seach, cuirfidh an Ballstát eisiúna an duine lena mbaineann ar an eolas ***gan mhoill***, i gcomhréir le nósanna imeachta faoina dhlí náisiúnta. | 1. Tar éis an fógra faoi Airteagal 4(1) a fháil agus na bearta faoi Airteagal 6(1) a ghlacadh, faoi seach, cuirfidh an Ballstát eisiúna an duine lena mbaineann ar an eolas ***tráth nach déanaí ná 7 lá oibre tar éis an fógra a fháil faoi Airteagal 4(1) nó tar éis bearta a ghlacadh faoi Airteagal 6(1), i gcomhréir le nósanna imeachta faoina dhlí náisiúnta.*** |

**Leasú 39**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 13 – mír 2 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ainm na n-údarás atá inniúil maidir le forfheidhmiú an dích※áiliúcháin tiomána ón mBallstát eisiúna agus ó Bhallstát an chiona; agus | (i) ainm***, seoladh poist, uimhir theileafóin, láithreacht idirlín agus sonraí teagmhála ríomhphoist*** na n-údarás atá inniúil maidir le forfheidhmiú an dích※áiliúcháin tiomána ón mBallstát eisiúna agus ó Bhallstát an chiona; agus |

**Leasú 40**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh na Ballstáit go n-oibreoidh a bpointí teagmhála náisiúnta i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta inniúla maidir le forfheidhmiú dích※áiliúchán tiomána arna bhforchur le haghaidh mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, go háirithe chun a áirithiú go gcomhroinnfear an fhaisnéis | 2. Áiritheoidh na Ballstáit go n-oibreoidh a bpointí teagmhála náisiúnta i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta inniúla maidir le forfheidhmiú na ndích※áiliúchán tiomána arna bhforchur le haghaidh mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, go háirithe chun a áirithiú go gcomhroinnfear an fhaisnéis |

| | |
|---|---|
| uile is gá in am trátha, agus go gcomhlíonfar na teorainneacha ama a leagtar síos in ***Airteagal 9***. | uile is gá in am trátha, agus go gcomhlíonfar na teorainneacha ama a leagtar síos sa ***Treoir seo***. |

**Leasú 41**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na pointí teagmhála náisiúnta a ainmnítear chun críocha na Treorach seo. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a fhaightear faoin Airteagal seo ar fáil do na Ballstáit go léir ar a shuíomh gréasáin. | 3. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na pointí teagmhála náisiúnta a ainmnítear chun críocha na Treorach seo. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a fhaightear faoin Airteagal seo ar fáil do na Ballstáit uile ***trí RESPER, agus ar Thairseach CBE a luaithe a bheidh sí oibríochtúil. Go dtí sin, cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis ar fáil*** ar a shuíomh gréasáin. |

**Leasú 42**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 16 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) líon na bhfógraí a seoladh chuig na daoine lena mbaineann;*** |

**Leasú 43**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 16 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) an t-am is gá chun faisnéis ***maidir le*** cinneadh ar fhoras le haghaidh díolúine a tharchur; | (c) an t-am is gá chun faisnéis ***maidir le gach*** cinneadh ***arna dhéanamh*** ar fhoras le haghaidh díolúine a tharchur; |

**Leasú 44**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 16 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) an líon uaireanta ba ghá údar a thabhairt le moill;*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 16 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Faoi ... [bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] cuirfidh na Ballstáit faisnéis atá cothrom le dáta in iúl don Choimisiún faoi na rialacha atá i bhfeidhm maidir leis na pionóis is infheidhme ina gcóras dlí le haghaidh mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas laistigh de thrí mhí faoi aon athrú mór ar na pionóis sin trí nuashonrú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a tharchuir siad roimhe sin. Faoi ... [18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], foilseoidh an Coimisiún forléargas ar an bhfaisnéis a fuarthas faoin mír seo ar an Tairseach le haghaidh malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre ('Tairseach CBE') a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir (AE) 2015/413 i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh. I gcás mórathrú ar an gcóras i bhfeidhm i mBallstát, déanfaidh an Coimisiún an forléargas a thabhairt cothrom le dáta laistigh de thrí mhí tar éis dó an fhaisnéis a fháil.*** |

**Leasú 46**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [***LL/MM/BBBB***]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. | Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin ... [1 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. |

**Leasú 47**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún faoin [***LL/MM/BBBB***]. | 2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún faoin [***dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo + 15 mhí***]. |

**Leasú 48**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 20 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Tuarascáil maidir leis an gcur i bhfeidhm*** | ***Athbhreithniú*** |

**Leasú 49**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin [teacht i bhfeidhm **+ *5 bliana***], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo, lena n-áirítear a tionchar ar shábháilteacht ar bhóithre. Beidh ***tograí le haghaidh leasuithe ar*** an Treoir seo ag gabháil leis an tuarascáil, más gá. | Faoi **...** [***5 bliana tar éis dháta theacht*** i bhfeidhm ***na Treorach seo]***, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus ***faoi bhráid*** na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach seo, lena n-áirítear a tionchar ar shábháilteacht ar bhóithre. ***Áireofar*** sa tuarascáil ***staidreamh ó na Ballstáit maidir le húsáid an tsásra a leagtar síos leis an Treoir seo, chomh maith le scrogaill tráchta agus limistéir a bhféadfaí feabhas a chur orthu. Beidh togra reachtach*** ag gabháil leis ***an tuarascáil***, más gá, chun an Treoir seo ***a leasú***. |

**Leasú 50**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 21 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Teacht i bhfeidhm ***agus cur i bhfeidhm*** | Teacht i bhfeidhm |